



The Arts Council and [Dublin City University](#) invite applications for an Irish-language Writer in Residence position for the calendar year 2023.

The residency was originally established to provide a stimulating environment for the Writer in Residence, and to afford a degree of financial support to concentrate on their own practice. Additionally, the residency brings energy and dynamism to the University, and allows students and faculty to engage with a practising writer for a concentrated period.

### 1.1 About the residency

The Writer in Residence will be engaged for the calendar year 2023 and will work in association with the **Head of School in Fiontar & Scoil na Gaeilge**, Dublin City University, where there will be opportunities to engage with the wider campus community.

The Writer in Residence will be supported to engage with students and staff. This programme of engagement will be designed by the Writer in Residence, in consultation with the Head of School in Fiontar & Scoil na Gaeilge, and could include focused teaching, workshops, mentoring, public events or other activities which bring new energy to the creative agenda of the University. Contact time with staff and students during this residency will be capped at 4 hours per week during semester, and the writer will not be expected to deliver core curriculum.

Throughout the residency, the writer will be supported to concentrate his or her own practice.

The fee payable to the Writer in Residence is €30,000, with the Arts Council providing €20,000 and the University providing €10,000. The University will provide the Writer in Residence with a dedicated space within the University, where they can conduct their own creative practice.

The entire fee will be paid to the writer directly by the Arts Council. It will be paid in two instalments, with a final report by the writer at the conclusion of the residency to be submitted to the Arts Council.

### 1.2 Who may apply?

The award is open to **mid-career and established writers** working in prose fiction, poetry, creative non-fiction, graphic novels, or children's fiction and poetry.

To be **eligible to apply**, applicants must:

- Be resident in the Republic of Ireland.
- Have a publishing track record in the areas of Irish language prose fiction, poetry, creative non-fiction, graphic novels, or children's fiction and poetry. Applications from writers who have not published in these areas will not be considered. Writers working exclusively as playwrights are not eligible for this residency.

- The residency is only open to writers who have not undertaken an Arts Council/university residency in 2022. This is to ensure that a range of artists can avail of these unique opportunities.
- In line with the Public Sector Equality and Human Rights Duty, the Arts Council is committed to ensuring that it takes positive policy measures to promote equality of opportunity for all those living in Ireland, regardless of their gender, sexual orientation, civil or family status, religion, age, disability, race or membership of the Traveller Community. Furthermore, the Arts Council notes the ground of socioeconomic background as a further basis for which equality of opportunity must be guaranteed. The Arts Council therefore welcomes applications that are representative of the diversity of Irish society, including but not limited to any of the characteristics outlined above.

### **1.3 Making an application**

To make an application, writers should provide the following three documents:

1. A detailed proposal of 1-2 pages, which sets out how they would propose to engage with students, staff and the wider campus, and relevant experience to support this approach;
2. A one-page artist's statement, which describes how the residency could impact on the artist's practice;
3. A detailed CV, setting out artistic achievements and accomplishments. This should be no longer than 3 pages.

Applications should be sent to: Prof. Ciarán Mac Murchaidh at [ciaran.macmurchaidh@dcu.ie](mailto:ciaran.macmurchaidh@dcu.ie) by **5.30pm on 29 September**. Applications will be accepted by email only. Applications received after the closing date will not be accepted.

### **1.4 Assessment Process**

Upon receipt of applications, the Arts Council and Dublin City University will determine the eligibility of applications.

Your application will be deemed ineligible, and will not go any further in the process, if any of the following is true:

1. You miss the application deadline.
2. You do not meet the eligibility requirements outlined in 1.2.
3. You do not submit the three required documents as outlined in 1.3.

Following this, the Arts Council and [Dublin City University](#) will establish a selection committee, which will be made up of one representative from [Dublin City University](#), one from the Arts Council and an external panellist with literary expertise. The selection committee will shortlist applicants based on the following criteria:

- artistic track record of applicant
- quality of idea/approach (referred to above), as outlined in the application, and the potential impact it could make on the relevant University department and University as a whole
- potential impact of residency on writer's own creative practice

A shortlist will be established (of no more than 4 writers). Shortlisted writers will be called to interview in mid-October. The interview will be held via video conference call. The interview will

allow the shortlisted writers to discuss their plans and experience in more detail. The panel will make the final decision based on the above criteria and decisions will be communicated in November.



Cuireann An Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath fáilte roimh iarratais le haghaidh Scríbhneoir Cónaithe Gaeilge don bhliain féilire 2023.

Bunaíodh an chónaitheacht chun timpeallacht spreagthach a chur ar fáil do Scríbhneoir Cónaithe, agus le tacaíocht airgeadais a sholáthar dóibh díriú ar a gcleachtas cruthaitheach féin. Anuas air sin, cuireann an chónaitheacht le fuinneamh agus spleodar na hOllscoile, agus tugtar deis do na mic léinn agus don phobal acadúil plé le scríbhneoir gníomhach ar feadh saintréimhse.

### 1.1 Eolas faoin gcónaitheacht

Fostófar an Scríbhneoir Cónaithe don bhliain féilire 2023 agus feidhmeoidh sé/sí i gcomhar le **Ceann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge** in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, áit a mbeidh deiseanna bheith ag plé le pobal na hOllscoile trí chéile.

Cabhrófar leis an Scríbhneoir Cónaithe plé le mic léinn agus le baill foirne. Déanfaidh an Scríbhneoir Cónaithe clár imeachtaí a dhearadh i gcomhairle le Ceann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge agus d'fhéadfadh go mbeadh teagasc, ceardlanna, meantóireacht, imeachtaí poiblí nó gníomhaíochtaí eile i gceist a bheathóidh clár cruthaitheachta na hOllscoile. Ceithre huair an chloig in aghaidh na seachtaine ar a mhéad an t-am teagmhála a bheidh ag an scríbhneoir le pobal na hOllscoile le linn an tseimeastair agus ní bheifear ag súil go múinfidh an scríbhneoir aon chuid den chroíchuraclam.

Cabhrófar leis an scríbhneoir díriú ar a c(h)leachtas féin i rith thréimhse na cónaitheachta.

Is é €30,000 an táille a íocfar leis an Scríbhneoir Cónaithe; sciar €20,000 ar fáil ón gComhairle Ealaíon agus €10,000 ar fáil ón Ollscoil. Cuirfear spás ar leith ar fáil don Scríbhneoir Cónaithe laistigh den Ollscoil, áit a mbeidh sé/sí in ann díriú ar a c(h)leachtas cruthaitheach féin.

Íocfaidh An Chomhairle Ealaíon an táille iomlán go díreach leis an scríbhneoir. Íocfar ina dhá sciar í, agus beidh ar an scríbhneoir tuairisc dheiridh a sholáthar ag críoch na cónaitheachta a bheidh le seoladh go dtí An Chomhairle Ealaíon.

### 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an chónaitheacht ar oscailt do **scríbhneoirí bunaithe** agus do **scríbhneoirí meánghairme** atá ag plé leis na réimsí seo a leanas: ficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheach, úrscéalta grafacha, nó ficsean agus filíocht do leanaí agus ógánaigh.

**Le hiarratas cáilithe a dhéanamh**, ní mór d'iarratasóirí na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.

- Teist foilsitheoireachta a bheith orthu sna réimsí seo: ficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheach, úrscéalta grafacha, nó ficsean/filíocht do leanaí agus ógánaigh. Ní phléifear le iarratais ó scríbhneoirí nach bhfuil ábhar foilsithe acu sna réimsí seo. Níl scríbhneoirí a phléann le réimse na drámaíochta amháin cáilithe le cur isteach ar an gcónaitheacht seo.
- Níl an chónaitheacht ar fáil ach do scríbhneoirí nach raibh cónaitheacht de chuid na Comhairle Ealaíon ná ó ollscoil acu i rith na bliana 2022. Ar mhaithe le deiseanna a chur ar fáil do raon leathan ealaíontóirí atá an coinníoll seo ann.
- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dá dualgas bearta dearfacha polasaí a chur i bhfeidhm chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn dóibh siúd a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó bheith ina b(h)all den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle Ealaíon aird ar leith ar chúla socheacnamaíoch duine mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannas deiseanna a chinntiú. Cuireann An Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais a léiríonn ilghnéitheacht shocháí na hÉireann, lena n-áireofar na gnéithe thuasluaite agus ceann ar bith eile mar iad.

### 1.3 Conas iarratas a dhéanamh

Ní mór do scríbhneoirí na trí cháipéis seo a leanas a chur ar fáil:

1. Togra mionsonraithe 1-2 leathanach ina leagtar amach conas a rachfaí i bhfeidhm ar mhic léinn, foireann agus pobal na hOllscoile, agus taithí ábhartha a thacódh le cur chuige mar sin;
2. Ráiteas aon-leathanaigh ón scríbhneoir ina gcuirtear síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar a c(h)leachtas cruthaitheach féin;
3. CV, nach faide ná 3 leathanach, ina sonraítear go mion éachtaí/gaiscí ealaíonta go dtí seo.

Seoltar iarratais chuig: An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh ([ciaran.macmurchaidh@dcu.ie](mailto:ciaran.macmurchaidh@dcu.ie)) faoi **5.30pm ar an 29 Meán Fómhair**. Ní ghlacfar le hiarratais ach ar an rphost amháin. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta.

### 1.4 An Próiseas Measúnaithe

Tar éis an spriocdháta, déanfaidh An Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath cinneadh faoi cháilitheacht na n-iarratas a fuarthas.

Measfar d'iarratas a bheith neamhcháilithe agus ní rachfar ar aghaidh leis sa phróiseas iarratais más fíor d'aon cheann de na raitis seo ina leith:

1. Cailleann tú an spriocdháta d'iarratais.
2. Ní chomhlíonann tú na riachtanais cháilitheachta a luaitear in 1.2.
3. Ní aighníonn tú na trí cháipéis riachtanacha a luaitear in 1.3.

Ina dhiaidh sin, eagróidh An Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath coiste roghnúcháin ar a mbeidh ionadaí ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ionadaí ón gComhairle Ealaíon agus ball seachtrach ag a bhfuil saineolas liteartha. Cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta d'iarratasóirí le chéile bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- teist ealaíonta an iarratasóra

- caighdeán an smaoinimh/chur chuige (luaite thuas), mar a shonraítear san iarratas é, agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Scoil atá i gceist agus ar an Ollscoil trí chéile
- tionchar féideartha na cónaitheachta ar chleachtas cruthaitheach an scríbhneora féin

Aontófar gearrliosta (nach mó ná 4 scríbhneoirí). Glaofar scríbhneoirí gearrliostaithe chun agallaimh i lár mhí Dheireadh Fómhair. Reáchtálfar an t-agallamh trí ghlaoch físchomhdhála. Tabharfar deis do scríbhneoirí ar an ngearrliosta a bpleananna agus a dtaithe a phlé go mion san agallamh. Déanfaidh an painéal an cinneadh deiridh bunaithe ar na critéir thuasluaite agus cuirfear cinntí in iúl i mí na Samhna.